

## **DEARBHÚ FAOI CHOSAINN SONRAÍ – TIMSS 2019 SUIRBHÉ AR LUATHFHOGHLAIM AGUS CEISTNEOIR LE HAGHAIDH DALTAÍ**

### **Féiniúlacht agus sonraí teagmhála na rialtóirí:**

Foras Taighde ar Oideachas  
Campas Naomh Pádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath  
Droim Conrach  
Baile Átha Cliath 9  
Éire  
Teileafón: +353 1 837 3789  
Ríomhphost: [timss.ireland@erc.ie](mailto:timss.ireland@erc.ie)  
agus

IEA  
Keizersgracht 311  
1016 EE Amstardam  
An Ísiltír  
Teileafón: +31 20 625 3625  
Ríomhphost: [secretariat@iea.nl](mailto:secretariat@iea.nl)

### **Cén fáth a mbailítear agus a bpróiseáiltear sonraí?**

Úsáidfeadh na sonraí a bhaileofar le linn an Staidéir ar Threochtaí Idirnáisiúnta sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht (TIMSS 2019) go heisiach chun críocha eolaíochta. Is tionscadal taighde oideachais é TIMSS atá urraithe ag an gCumann Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar Ghnóthachtáil Oideachais (IEA). Is é an Foras Taighde ar Oideachas (ERC) a riarann TIMSS in Éirinn ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus thar a ceann. Tá sé seo de réir ceann de na feidhmeanna ("measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh ar leibhéal ghnóthachtála agus ar ghnóthachtáil acadúil na ndaltaí agus measúnuithe den sórt sin a thuairisciú don Aire") atá leagtha amach san Ordú um Bunú an ERC mar chomhlacht reachtúil (is féidir é a léamh go hiomlán ag: <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/si/392/made/en/print>). Is é bonn dlíthiúil an ERC maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil de réir Airteagal 6 de Rialachán Ginearálta an AE maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) "tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarais oifigiúil atá dílsithe sa rialtóir".

### **Cén fhaisnéis a iarrtar?**

Tugtar cuireadh do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí dlíthiúla na ndaltaí ceathrú grád sna scoileanna rannpháirteacha Suirbhé Luathfhoghlama TIMSS 2019 a chomhlánú chun faisnéis a sholáthar don staidéar maidir le gníomhaíochtaí luathfhoghlama sa bhaile, gairm na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí, tír bhreithe na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí, cúlra oideachais na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí, acmhainní baile, agus tuairimí maidir le scoil an linbh. Iarrtar ar na daltaí sna scoileanna rannpháirteacha Ceistneoir Dalta TIMSS 2019 a chomhlánú chun faisnéis a sholáthar faoi inscne, aois, tír bhreithe agus acmhainní baile na ndaltaí, an teanga (na teangacha) a bhíonn á labhairt sa bhaile, agus tuairimí a sholáthar maidir le timpeallacht na scoile agus faoi cheachtanna matamaitice agus eolaíochta.

- D'fhonn a áirithiú go bhfuil TIMSS bunaithe ar shamplaí de dhaltaí agus de scoileanna a roghnaíodh go heolaíoch, táthar ag súil go gcomhoibreoidh scoileanna le riar TIMSS ina

scoil nuair a iarrtar orthu é sin a dhéanamh (Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0056; 2011).

- Ní bheidh na daltaí nó na tuismitheoirí faoi mhíbhuntáiste ar bhealach ar bith trí gan an ceistneoir a chríochnú, agus tá cead ag na freagróirí léim thar cheisteanna aonair nó éirí as na ceisteanna a fhreagairt ag am ar bith.
- Nuair a líonann rannpháirtí sa staidéar ceistneoir isteach agus nuair a thugann ar ais é tugann sé nó sí cead sa chaoi sin na sonraí sa cheistneoir a bhailiú agus a phróiseáil.
- Ar feadh tréimhse suas le 4 seachtaine i ndiaidh riar na dtástálacha is féidir le rannpháirtí ar bith cead a tharraingt siar chun sonraí a phróiseáil agus ní gá aon chúis a lua.
- Is féidir le haon rannpháirtí ar mian leis nó léi a c(h)uid faisnéise a bhaint nó a leasú dul i dteagmháil leis an bhForas Taighde ar Oideachas (ag 01 837 3789 nó [timss.ireland@erc.ie](mailto:timss.ireland@erc.ie)). Má tharraingíonn duine siar ón staidéar, ní bhaileofar aon sonraí breise faoin duine sin. Coinnítear roinnt faisnéise maidir le tarraingt siar agus eisiáimh chun an sampla a bhailíochtú agus chun bonn eolais a sholáthar do lucht riaracháin sa todhchaí (m.sh., féachaint an bhfuil seans níos mó ann go dtarraingeoidh cailíní siar ó rannpháirtíocht sa staidéar).
- Is féidir leat teagmháil a dhéanamh freisin le hOifigeach Cosanta Sonraí an ERC ([data-protection@erc.ie](mailto:data-protection@erc.ie)) má tá aon cheist agat faoi conas a chosnaítear faisnéis phearsanta.

### **Cén cineál sonraí a bhailítear?**

Déantar sonraí a bhailiú agus a stóráil ó na freagraí a thugann tuismitheoirí nó caomhnóirí dlíthiúla na ndaltaí a ghlacann páirt i TIMSS ar na ceisteanna. Déantar é sin trí uimhreacha a úsáid a sheasann do roghanna na ndaltaí (mar shampla, freagraí ar cheisteanna ilroghnacha, nó “tá” nó “níl” a roghnú).

Ní féidir an fhaisnéis sin ann féin a úsáid, chun ainmneacha freagróirí aonair a aithint ach déantar ID gach dalta a thairféadadh chun gach dalta a aithint ar bhealach uathúil. Is eol do chomhordaitheoir na scoile an gaol idir an ID seo agus ainm an dalta, nó leis an uimhir chláirúcháin náisiúnta agus d’fhéadfadh an t-eolas sin a bheith ag an ionad náisiúnta atá i mbun an staidéir (rud a bhraithfidh ar bheartas cosanta sonraí na tíre). Ní roinntear é, áfach, leis an IEA nó le tríú páirtí ar bith.

### **Cá háit, conas agus cén t-achar a stóráiltear sonraí ó TIMSS?**

Stóráiltear sonraí TIMSS go sábháilte agus ní féidir le haon duine seachtrach nó córas seachtrach iad a rochtain. Ina theannta sin, tugadh faisnéis oiriúnach do gach fostaí de chuid IEA a dhéanann sonraí a rochtain lena bpróiseáil faoi cad is cóireáil inghlactha sonraí ann agus tá comhaontú rúndachta sínithe acu.

### **Stóráiltear na sonraí mar seo a leanas:**

Níl aon teorainn leis an bhfad a stóráiltear sonraí a bhaineann leis na freagraí a tugadh. Tá an scéal amhlaidh chun go mbeidh siad ar fáil chun anailís a dhéanamh orthu. De thoradh na bhfreagraí seo, cruthaítear bunachar sonraí a chuireann ar chumas taighdeoirí córais oideachais ar fud an domhain a chur i gcomparáid lena chéile (féach *inrochtaineacht Phoiblí* thíos).

Déantar sonraí a phróiseáil go lárnach san IEA i Hamburg na Gearmáine. Maidir leis na sonraí go léir a seoltar isteach chun próiseáil sonraí a dhéanamh orthu is gan ainmneacha a thagann siad - ní bhíonn orthu ach uimhreacha aitheantais na ndaltaí.

### **Cé lena roinntear sonraí ó TIMSS agus conas a roinntear iad?**

Seoltar sonraí faoi na freagraí ó ionaid taighde náisiúnta chuig an IEA trí fhreastalaí slán FTP,

agus ainmneacha bréige leo, is é sin le rá go bhfuil siad próiseáilte sa chaoi is nach féidir na sonraí pearsanta a chur i leith duine ar leith is ábhar do na sonraí gan úsáid a bhaint as faisnéis bhreise (coimeádtar aon fhaisnéis bhreise den sórt sin ar leithligh agus faoi réir bearta teicniúla agus eagrúcháin lena chinntiú nach gcuirfear sonraí pearsanta i leith aon duine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta).

Tá an TIMSS á stiúradh ag an Lárionad Staidéir Idirnáisiúnta (ISC) atá lonnaithe i Boston College, SAM, agus is ann a dhéantar anailís idirnáisiúnta ar an chuid is mó de na sonraí. Tá sonraí maidir leis na freagraí ag teastáil le haghaidh na hanailíse ach cuirtear iad chuig an ISC, trí fhreastalaí slán FTP agus ainmneacha bréige leo. Tá comhaontú rúndachta sínithe ag fostaithe ISC a bhfuil rochtain acu ar na sonraí chun anailísí a dhéanamh orthu. Cosnaítear aistriú na sonraí chuig na Stáit Aontaithe, mar thríú tír, trí bhearta cuí, oiriúnacha mar Chomhaontú Sonrach um Próiseáil Sonraí agus Clásail Chonartha Chaighdeánacha Eorpacha.

Déantar na sonraí a roinnt ar ais, arís ar fhreastalaí slán FTP, leis na hionaid taighde náisiúnta a dhéanann TIMSS a reáchtáil i do thír féin.

### **Sonraí gaolmhara**

Iarrtar ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí ceistneoir a chomhlánú freisin. Nasctar an t-eolas a thagann ó na foinsí sin leis an eolas ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí sa bhunachar sonraí taighde idirnáisiúnta deiridh (IDB).

### **Inrochtaineacht phoiblí**

Beidh an pobal in ann an bunachar sonraí taighde idirnáisiúnta deiridh a rochtain ó na suíomhanna seo a leanas:

<https://www.iea.nl/data> (Hamburg na Gearmáine)

<https://timssandpirls.bc.edu/index.html> (Bostún, Stáit Aontaithe Mheiriceá)

Tá ainmneacha bréige ar na sonraí go léir sa bhunachar sonraí, agus ní féidir iad a cheangal le daoine aonair.

### **Cinnteoireacht agus próifiliú uathoibrithe**

Ní dhéantar aon chinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifiliú, dá dtagraítear in Airteagal 22 den RGCS.

### **Ceartha na nDaoine is Ábhar do na Sonraí**

Tá Daoine is Ábhar do na Sonraí i dteideal na ceartha a bheith acu atá leagtha amach in Airteagail 15-20 den RGCS.

Tá sé de cheart ag Daoine is Ábhar do na Sonraí gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta. Is é an t-údarás ábhartha in Éirinn:

Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Teach na Canála

Bóthar an Stáisiúin

Cúl an tSúdaire

R32 AP23

Co. Laoise

Teil. +353 57 8684800 / +353 (0)761 104 800

Uimhir Íosghlao 1890 252 231

Facs +353 57 868 4757

R-phost [info@dataprotection.ie](mailto:info@dataprotection.ie)